Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2011

# Stair

## Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945–1991

Ardsraith

**[GHY22]**

GHY22

**DÉ MÁIRT 7 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **dhá** cheist: gach ceist i Roinn A agus ceist **amháin** as an rogha i Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **Roinn B**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Leabhrán Áiseanna a bhaineann le Ceist 1 leis an pháipéar seo.

**I gcás cheist 1, déan tagairt don ábhar foinse sa Leabhrán Áiseanna.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Roinn A

**1 Baineann an cheist seo le Dúshláin faoi Smacht APSS ar Oirthear na hEorpa: Éirí Amach na hUngáire, 1956.**

**(a)** Déan staidéar ar **Foinse A**.

Cad é a chuireann **Foinse A** in iúl dúinn faoi na fáthanna ar athraigh Khrushchev polasaí APSS i leith stáit Oirthear na hEorpa? [4]

**(b)** Déan staidéar ar **Foinse A** agus ar **Foinse B**.

Cá mhéad tacaíochta a thugann **Foinse B** do **Foinse A** maidir leis na fáthanna ar cuireadh in éadan APSS san Ungáir in 1956? [6]

**(c)** Déan staidéar ar **Foinse B**.

Cá húsáidí agus cá hiontaofa atá **Foinse B** do staraí atá ag déanamh staidéir ar na fáthanna ar cuireadh dúshláin faoi smacht APSS ar Oirthear na hEorpa sa tréimhse seo? [8]

**(d)** Na **Foinsí** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil dearcthaí difriúla ann maidir leis na fáthanna ar cuireadh dúshláin faoi smacht APSS san Ungáir in 1956. [10]

## Roinn B

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Freagair ceist **amháin** ón roinn seo.

**2 Baineann an cheist seo le Géarchéim Dhiúracán Chúba, 1959–1962.**

Mínigh cad chuige ar athraigh an caidreamh idir SAM agus APSS mar thoradh ar imeachtaí i gCúba idir 1959 agus 1962 agus mínigh cad é mar a chuaigh Géarchéim Dhiúracán Chúba i bhfeidhm ar an chaidreamh idir SAM agus APSS.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Castro i réim agus caidreamh Chúba le SAM, 1959–Deireadh Fómhair 1962
- Castro i réim agus caidreamh Chúba le APSS, 1959–Deireadh Fómhair 1962
- Na Trí Lá Dhéag, Deireadh Fómhair 1962
- Iarmhairtí Ghéarchéim Dhiúracán Chúba ar an Chaidreamh idir na Sárchumhachtaí. [22]

**3 Baineann an cheist seo le Cogadh Vítneam, 1954–1975.**

Mínigh cad chuige ar tarraingíodh SAM isteach i Vítneam agus cad é mar a d’athraigh baint SAM idir 1965 agus 1975.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Fáthanna le baint, 1954–1964
- Gníomhartha SAM in Vítneam, 1965–1968
- Gníomhartha agus oirbheartaíocht an Viet Cong, 1965–1968
- Vítneamú agus aistarraingt, 1968–1975. [22]

**4 Baineann an cheist seo le himeachtaí in Oirthear na hEorpa, 1968–1991.**

Mínigh cén dóigh agus cad chuige ar athraigh an caidreamh idir APSS agus Oirthear na hEorpa idir 1968 agus 1991.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- An tSeicslóvaic, 1968
- Gorbachev: Glasnost agus Perestroika
- Imeachtaí in Oirthear na hEorpa, 1989–1991
- Titim Bhalla Bheirlín agus Athaontú na Gearmáine. [22]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6548.02